C/2024/6836

11.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11736 – CARLYLE / SEIDOR SOLUTIONS AND LOGISTICS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6836)

1. An 30 Deireadh Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— The Carlyle Group Inc. ('Carlyle', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Seidor Solutions S.L. agus Seidor Logistics S.L. ('Seidor Solutions and Logistics', an Spáinn), atá faoi rialú Seidor S.A. (an Spáinn).

Gheobhaidh Carlyle rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Seidor Solutions and Logistics ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir malartach sócmhainní domhanda é Carlyle a bhainistíonn cistí lena ndéantar infheistíocht go domhanda sna trí smacht infheistíochta seo a leanas: (i) Cothromas Príobháideach Domhanda (lena n-áirítear cothromas príobháideach corparáideach, réadmhaoin agus cistí acmhainní nádúrtha); (ii) Creidmheas Domhanda (lena n-áirítear creidmheas leachtach, creidmheas neamhleachtach agus creidmheas sócmhainní réadacha); agus (iii) Réitigh Infheistíochta (clár ciste cistí cothromais phríobháidigh, lena n-áirítear ciste príomha, gníomhaíochtaí comh-infheistíochta tánaisteacha agus gaolmhara),

— Tá Seidor Solutions and Logistics gníomhach go príomha (i) i gcruthú, forbairt, tráchtálú, suiteáil, seoladh agus cothabháil bogearraí ríomhaireachta, ríomhchlárú agus cúnamh teicniúil, (ii) tráchtálú, suiteáil, deisiú agus cothabháil crua-earraí ríomhaireachta agus ábhar cúnta agus (iii) soláthar seirbhísí TF, lena n-áirítear seirbhísí comhairliúcháin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11736 – CARLYLE / SEIDOR SOLUTIONS AND LOGISTICS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË